Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Samhain 2021**
**(OR. en)**

**13806/1/21**
**REV 1**

**LIMITE**

**TELECOM 414**
**COMPET 803**
**MI 832**
**DATAPROTECT 255**
**JAI 1211**
**CODEC 1458**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0136(COD)**

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9471/21 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a mhéid a bhaineann le creat a bhunú le haghaidh na Céannachta Digití Eorpaí<br>– Tuarascáil ar dhul chun cinn |

## I. RÉAMHRÁ

1. Ghlac an <u>Coimisiún</u> an togra le haghaidh Rialachán maidir le Céannacht Dhigiteach Eorpach (ríomh-shainaitheantais Eorpach) an 3 Meitheamh 2021[1]. Leis an tionscnamh, leasaítear Rialachán eIDAS ó 2014[2], inar leagadh síos na fondúireachtaí ba ghá chun seirbhísí a rochtain go sábháilte agus idirbhearta a dhéanamh ar líne agus thar theorainneacha san Aontas Eorpach.

[1] 9471/21.
[2] RIALACHÁN (AE) Uimh. 910/2014.

2. Leis an togra, bunaithe ar Airteagal 114 CFAE, ceanglaítear ar na Ballstáit Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí a eisiúint faoi scéim ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith, bunaithe ar chaighdeáin theicniúla choiteanna agus tar éis measúnú comhlíontachta éigeantach arna dhéanamh ag comhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta agus bunaithe ar dheimhniú faoin gcreat Eorpach um dheimhniú cibearshlándála agus faoi chreat an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí. Chun an struchtúr teicniúil is gá a bhunú, chun dlús a chur le cur chun feidhme an Rialacháin athbhreithnithe, chun treoirlínte a chur ar fáil do na Ballstáit agus chun ilroinnt a sheachaint, bhí Moladh maidir le Bosca Uirlisí de chuid an Aontais a fhorbairt ag gabháil leis an togra.

Go sonrach, is é is aidhm don Rialachán atá beartaithe foráil a dhéanamh do rochtain uilíoch do dhaoine agus gnólachtaí ar ríomh-shainaitheantas agus ríomh-fhíordheimhniú atá slán agus iontaofa trí ríomhthiachóg phearsanta ar an bhfón póca. Beidh an tiachóg sin inúsáidte go forleathan le haghaidh sainaitheantais agus fíordheimhniú. Ba cheart aitheantas a bheith aici san earnáil phoiblí ar fud an Aontais agus, mar aon leis sin, ba cheart do sholáthraithe seirbhíse príobháideacha a dteastaíonn fíordheimhniú láidir úsáideora uathu agus ardáin an-mhór ar líne í a aithint. Moltar do sholáthraithe seirbhíse príobháideacha eile aitheantas a thabhairt don tiachóg trí bhearta rialála deonacha. Ceanglaítear leis an togra, freisin, go mbeidh ar na Ballstáit fógra a thabhairt do scéim ríomh-shainaitheantais, rud a áiritheoidh go bhféadfaidh an tÉiceachóras Céannachta Digití Eorpach brath ar mhodhanna le haghaidh ionduchtú a bheith ar fáil atá an-iontaofa agus slán. Leis an togra, cumhachtaítear úsáid a bhaint as réitigh maidir le céannacht dhigiteach agus cruthaítear creat dlíthiúil agus ardán teicniúil chun tréithe agus dintiúir a bhaineann le céannacht a mhalartú. Déantar foráil sa togra do rialú úsáideoirí agus cosaint sonraí agus do chomhroinnt spriocdhírithe sonraí céannachta atá teoranta do riachtanais na seirbhíse sonraí a iarradh. Áirithítear leis an togra freisin coinníollacha comhionanna maidir le soláthar agus maoirseacht seirbhísí iontaoibhe cáilithe san Aontas.

3. I bParlaimint na hEorpa, sannadh an togra don Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinnimh (ITRE). Is í Romana Jerković (S&D, an Chróit) an rapóirtéir don chomhad. Níor ghlac Coiste ITRE a thuarascáil fós.

4. An 15 Iúil 2021, iarradh ar Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim a thabhairt maidir leis an togra, a tugadh ina dhiaidh sin an 20 Deireadh Fómhair 2021. D'eisigh Coiste Eorpach na Réigiún ar a thionscnamh féin tuairim maidir leis an togra an 12 Deireadh Fómhair 2021.

5. D'eisigh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí barúlacha foirmiúla maidir leis an togra an 28 Iúil 2021.

## II. AN OBAIR LAISTIGH DEN CHOMHAIRLE

6. Sa Chomhairle, rinneadh an scrúdú ar an togra sa Mheitheal um Theileachumarsáid agus um an tSochaí Faisnéise (dá ngairtear anseo feasta WP TELECOM). Tar éis na ceardlainne tosaigh an 17 Aibreán maidir le Rialachán eIDAS a athbhreithniú, thosaigh WP TELECOM ag plé an togra faoi Uachtaránacht na Portaingéile le linn dhá chruinniú i mí an Mheithimh, inar tionóladh na chéad mhalartuithe idir na toscaireachtaí. Bhí na Ballstáit dearfach faoin togra agus moladh an leibhéal uaillmhéine a bhí ag baint leis. Mar gheall ar chastacht an chomhaid, moladh cur chuige céim ar chéim agus pléadh ceisteanna maidir le hoibleagáidí na mBallstát, rannpháirtíocht na hearnála príobháidí, chomh maith le deiseanna cistiúcháin. Faoi Uachtaránacht na Portaingéile, pléadh freisin an measúnú tionchair.

7. Le linn na gcruinnithe a bhí ar siúl an 20 Iúil, an 13 agus an 28 Meán Fómhair agus an 19 Deireadh Fómhair 2021 faoi Uachtaránacht na Slóivéine, leanadh den anailís ar an togra in WP TELECOM agus tugadh an chéad léamh chun críche go rathúil an 15 Samhain 2021.

8. I **mí Iúil**, chuir roinnt toscaireachtaí in iúl gur cúis imní dóibh na spriocdhátaí dochta maidir le cur chun feidhme teicniúil arna leagan síos ag an gCoimisiún agus an idirghníomhaíocht le reachtaíocht eile, go háirithe an Rialachán maidir leis an Tairseach Aonair Dhigiteach agus Prionsabal na hAonuaire. Ina theannta sin, ardaíodh ceisteanna maidir le cosaint sonraí agus cuireadh roinnt forchoimeádas i láthair, mar gheall ar imní faoina indéanta a bheadh sé an leibhéal ard slándála atá beartaithe a bhaint amach.

Choinnigh an Coimisiún WP TELECOM cothrom le dáta maidir leis an dul chun cinn atá déanta faoin Moladh maidir le Bosca Uirlisí de chuid an Aontais a fhorbairt.

9. Bhí an cruinniú an 13 **Meán Fómhair** dírithe ar Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí, ina raibh ceisteanna ó thoscaireachtaí maidir leis na hoibleagáidí atá ar na páirtithe lena mbaineann agus maidir leis an idirghníomhaíocht idir an Rialachán atá beartaithe agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an Gníomh um Chibearshlándáil. Tugadh roinnt barúlacha den teanga a úsáideadh sna forálacha nua a bhaineann le gnéithe slándála na tiachóige, sainaithint uathúil, agus deimhniú scéimeanna ríomh-shainaitheantais.

Leanadh den phlé maidir leis na tiachóga an 28 Meán Fómhair agus díríodh ar aitheantas trasteorann, saincheisteanna dliteanais, maoirseacht, agus ceanglais áirithe maidir le maoirseacht ar chibearshlándáil a thagann anois faoin Dara Treoir NIS. Chuir roinnt toscaireachtaí in iúl gur ábhar imní dóibh go bhféadfadh an idirghníomhaíocht idir an togra agus an Dara Treoir NIS mearbhall a chruthú maidir le cé acu údaráis a bheadh inniúil faoi cé acu córas. Pléadh meaitseáil céannachta freisin, toisc gur léir go bhféadfadh fadhbanna a bheith ag roinnt toscaireachtaí le haitheantóirí uathúla marthanacha a ghlacadh. Ina theannta sin, ceistíodh an Coimisiún faoi ghníomhartha tarmligthe a úsáid chun spleáchas éigeantach ar an tiachóg a leathnú go dtí earnálacha eile.

10. Bhí cruinniú an 19 **Deireadh Fómhair** dírithe ar ghnéithe teicniúla breise a bhaineann le leasuithe a moladh faoin gcaibidil maidir le seirbhísí iontaoibhe, mar atá maidir le ríomhshínithe, ríomhshéalaí, ríomhstampaí ama, ríomhsheirbhísí seachadta cláraithe agus fíordheimhniú suíomhanna gréasáin. Athdhearbhaíodh roinnt ábhar imní a bhaineann le gnéithe cibearshlándála a aistriú chuig an Dara Treoir NIS. Le linn an chruinnithe sin, chuir an Coimisiún soiléirithe agus míniúcháin bhreise ar fáil maidir leis an idirghníomhaíocht idir NIS2 agus eIDAS agus maidir leis an gcaoi, dar leis an gCoimisiún, ar tugadh aghaidh i dtogra NIS2 (trí fhorálacha agus aithrisí tiomnaithe agus trí théacsanna comhréitigh ina dhiaidh sin a pléadh sa Mheitheal Chothrománach um Chibircheisteanna) agus in athbhreithniú eIDAS (trí aithrisí agus forálacha tiomnaithe freisin) ar na hábhair imní a léiríodh.

11. Cuireadh clabhsúr ar an gcéad léamh den dréachtrialachán an 15 **Samhain** 2021, tar éis roinnt iarrataí a fháil ar shoiléiriú maidir le ríomhdhearbhuithe tréithe, ríomhsheirbhísí cartlannaithe, ríomh-mhórleabhair agus forálacha críochnaitheacha. De bharr easpa forálacha maidir le smachtbhannaí le haghaidh neamhchomhlíonadh ceanglas maidir le fíordheimhniú suíomhanna gréasáin a bheith sa togra, luadh gur baineadh an bonn ón bhforfheidhmiú. Maidir le dearbhuithe na dtréithe, chuir na toscaireachtaí i bhfios go láidir freisin an gá atá le struchtúr inniúlachta na n-údarás náisiúnta agus beartais náisiúnta maidir le rochtain ar chláir a urramú. Ar deireadh, bhí ceisteanna ann maidir le bailiú sonraí chun críoch staidrimh agus bhí imní áirithe ann maidir leis an méadú ar an ualach riaracháin a d'fhéadfadh a bheith ann d'údaráis náisiúnta.

12. Chuir na toscaireachtaí roinnt tuairimí agus moltaí maidir le dréachtú ar fáil ó cuireadh tús leis an anailís agus idir na cruinnithe. Mar sin féin, d'ainneoin an dul chun cinn a rinneadh trí scrúdú críochnúil agus iomlán a dhéanamh ar an téacs, níor leor an t-am chun aon dréachtú a dhéanamh faoi Uachtaránacht na Slóivéine.

Dá ainneoin sin, féadfar a iarraidh ar na toscaireachtaí barúlacha oifigiúla a chur ar fáil roimh dheireadh na bliana. Beidh an t-ionchur a tháinig go dtí seo ó na toscaireachtaí agus an comhad á scrúdú acu, idir ionchur nár iarradh agus ionchur a iarradh, mar bhonn don dréachtú atá le tosú faoi Uachtaránacht na Fraince.

## III. CONCLÚID

13. Iarrtar ar COREPER an tuarascáil seo ar dhul chun cinn ón Uachtaránacht a thabhairt dá aire, d'fhonn í a chur faoi bhráid na Comhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh ag an gcruinniú a bheidh aici an 3 Nollaig 2021.